Snáithe: **Dearadh**

Téama: **Taiscí faoi cheilt**



## Torthaí Foghlama:

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

**3.2** teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a dhearadh féin agus dearadh daoine eile a mhíniú

**2.4** coimre dearaidh a léirmhíniú agus é seo a léiriú trína líníochtaí

**3.6** saothar deiridh a dhearadh bunaithe ar a líníochtaí

**3.7** cur síos a dhéanamh ar shamplaí den dearadh stairiúil agus comhaimseartha

**3.11** a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí ghnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid

**3.14** na meáin a úsáid ina shaothar dearaidh féin bunaithe ar choimre dearaidh

## Tasc

Roghnaigh an scoláire a théama féin agus, ag obair ó fhoinse phríomha, bunaithe ar an téama sin, dhear sé agus chuir sé comhdhéanamh le patrúin athfhillteacha i gcrích ar pháipéar A2 nó ar fhabraic.

## Am

8 seachtaine

## Cúlra:

Roghnaigh an scoláire ceann amháin de thrí rogha (Taiscí faoi cheilt/Solas agus scáth/Mo dhearcadhsa) agus d'oibrigh sé ó fhoinse phríomha a bhí bunaithe ar an téama sin. Dhear an scoláire agus chuir sé comhdhéanamh le patrúin athfhillteacha i gcrích ar pháipéar A2 nó ar fhabraic.

Bhí an scoláire ag foghlaim conas a fhoinsí príomha a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú, trí líne, ton agus dath chomh maith le meáin éagsúla a úsáid. Rinne an scoláire taighde ar phatrún agus ar phrionsabail an dearaidh agus scrúdaigh sé saothar a bhí déanta ag dearthóirí patrúin clúiteacha.

D'úsáid an scoláire an tuiscint a bhí aige ar phatrúin a dhéanamh chun píosa dá líníochtaí a roghnú a bheadh oiriúnach le húsáid mar mhóitíf chun patrún athfhillteach a dhearadh.

Sa bhloc sceitseála Amharc-ealaíne bailíodh le chéile fianaise faoin bpróiseas, nótaí agus machnaimh maidir lena chinntí agus lena réamhobair, chomh maith leis an dearadh deiridh.

**Nótaí an mhúinteora ag úsáid na gcritéar rathúlachta**

Tugtar an méid atá tugtha faoi deara ag an múinteoir le chéile sna nótaí, ag úsáid na gcritéar rathúlachta, féachaint leis an leibhéal gnóthachtála atá i gceist sa saothar seo a dhéanamh amach. Dheimhnigh grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina raibh múinteoirí atá istigh sa rang agus ionadaithe as CNCM, an Chigireacht, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí na nótaí agus na breithiúnais.

**Nótaí an mhúinteora:**

Léiríonn an obair atá curtha i láthair ag an scoláire go ndeachaigh sé i ngleic go fíormhaith leis an bpróiseas ealaíne. Léirítear caighdeán an-mhaith i bhforbairt smaointí agus scileanna an scoláire agus bhain sé úsáid láidir i gcónaí as trialacha, meáin agus teicnící priontála fabraice.

Rinne an scoláire taighde an-ábhartha faoin dearthóir Orla Kiely, ach d'fhéadfaí roinnt freagraí pearsanta dá hobair dhearaidh, na dathanna a úsáideann sí, agus an tionchar a d'imir sí ar obair an scoláire a chur san áireamh.

Ós rud é gurb é seo an chéad uair ag an scoláire stionsail agus fabraicphriontáil a úsáid, beidh na machnaimh a rinne sé mar thacaíocht aige in obair a dhéanfaidh sé amach anseo. D'fhéadfadh an scoláire, agus é i mbun priontála, machnamh a dhéanamh ar na priontaí daite éagsúla a d'úsáid sé sa dearadh deiridh a chur ag forluí ar a chéile.

Is léiriú láidir é an patrún athfhillteach deiridh i bhfabraic ar an bpróiseas atá sa bhloc sceitseála Amharc-ealaíne. Taispeántar tuiscint an-mhaith ar an teicníc priontála le stionsal ann agus baintear úsáid an-mhaith as.

**Tuairisceoir a bronnadh:** Os cionn na n-ionchas